



Toisí

Achar

Fadhb na bPrócaí

Gné	h An foghlaimeoir	i An foghlaimeoir	j An foghlaimeoir	k An foghlaimeoir
Cur i bhFeidhm agus Réiteach Fadhbanna	<p>Smaoiníonn sé ar straitéisí chun toisí a ríomh nuair is gá (Mar shampla: toisí a shuimiú nó a dhealú).</p> <p>Déanann sé tomhas agus coinníonn sé taifead cruinn agus beacht.</p>	<p>Baineann sé úsáid as fíorthoisí chun a fháil amach an bhfuil sé oiriúnach le haghaidh feidhm ar leith (Mar shampla - An rachaidh sé isteach ann? Cé acu is fearr a thabharfaidh luach ar airgead?).</p> <p>Ríomhann sé tomhais le cruinneas a bhfuil feabhas ag teacht air i gcomhthéacsanna feidhmiúla.</p>	<p>Réitíonn sé fadhbanna agus tascanna praiticiúla a bhaineann le tomhais.</p> <p>Cuireann sé foirmlí i bhfeidhm ar bhealach bríoch chun fadhbanna a réiteach go héifeachtúil.</p>	<p>Réitíonn sé fadhbanna, a bhfuil méadú ag teacht ar a gcastacht, a bhaineann le léirmhíniú, ríomh agus cur i láthair na dtoisí.</p> <p>Cuireann sé feabhas ar chinnteoireacht ar mhaithe le fadhbanna a réiteach ar bhealach níos éifeachtúla.</p>



Rúibric Anailíseach le haghaidh Fadhb na bPrócaí

Soláthraíonn an rúibric anailíseach seo creat chun feidhmíocht an dalta a mheas chun íosmhéid an tábla a theastaíonn le haghaidh 100 próca suibhe a chinneadh agus chun íogaireacht na bhfreagraí a mheas i dtéarmaí praiticiúlachta agus sábháilteachta, suíomh próca, agus cóngarachacht d'imeall an tábla.

Catagóir	Critéir	Tuairimí
<p>Íosmhéid an Tábla</p> <p>Bíonn an ceart aige maidir le híosmhéid an tábla a theastaíonn le haghaidh 100 próca suibhe.</p> <p>Smaoiníonn sé ar imlíne na coda is leithne den phróca suibhe (9 cm ar trastomhas) agus gan ligean do phrócaí titim.</p> <p>Tugann sé ríomh soiléir agus loighciúil nó réasúnaíocht.</p>	<ol style="list-style-type: none">I. Déanann sé cinneadh cruinn ar an íosmhéidII. Tugann sé réiteach amháin ar an bhfadhb trí fhad de réir riail leithead. Ríomhann sé é ag baint úsáid as cm^2III. Tugann sé meastachán réasúnta ar an íosmhéidIV. Tugann sé meastachán/buille faoi thuairim míchruinn ar íosmhéid an tábla	
<p>Breithniú ar Smaointeoireacht</p> <p>Aithníonn sé freagraí ciallmhara éagsúla le haghaidh mhéid an tábla.</p> <p>Smaoiníonn sé ar phraiticiúlacht, feidhmiúlacht agus gnéithe sábháilteachta maidir leis na prócaí a chur ar an tábla.</p>	<ol style="list-style-type: none">I. Aithníonn sé freagraí ciallmhara iomadúla agus pléann sé suíomh na bprócaí ar imeall an táblaII. Aithníonn sé freagraí ciallmhara. Pléann sé suíomh na bprócaí ar imeall an tábla go ciallmharIII. Tugann sé níos mó ná réiteach amháin ar an bhfadhb. Athraíonn cm^2 ina m^2 trína	



<p>Pléann sé suíomh na bprócaí agus é ag cuimhneamh ar thaobhanna an tábla.</p>	<p>IV. roinnt ar 10000 Ní thugann sé ach freagra amháin ar mhéid an tábla. Tá an plé ar shuíomh na bprócaí neamhréadúil nó neamhphraiticiúil i dtaca le himeall an tábla</p>	
<p>Réasúnaíocht agus Míniú</p> <p>Tugann sé mínithe dea-réasúnaithe agus mionsonraithe le haghaidh íosmhéid tábla agus shocrú na bprócaí.</p> <p>Léiríonn sé tuiscint ar thosca amhail seasmhacht, úsáid spáis, agus titim a sheachaint.</p>	<p>I. Tugann sé réasúnaíocht mhionsonraithe agus dea-thacaithe</p> <p>II. Tugann sé cúiseanna le roinnt fianaise tacaíochta</p> <p>III. Tugann sé níos mó ná dhá réiteach ar an bhfadhb. Bogann sé idir cm^2 agus m^2 gan fhadhb. Tuigeann sé nach mbeadh sé ciallmhar na prócaí suibhe a bheith díreach ag imeall an tábla ach teorainn 1 cm a cheadú an bealach ar fad thart</p> <p>IV. Tugann sé cúiseanna leordhóthanacha ach gan tacaíocht ná mínithe iomlána le haghaidh íosmhéid tábla</p>	